# An Téacs

**Sraith 11: Bua sa Seó Tallainne**

**Pictiúr 1: Chinn ceathrar buachaillí ar chur isteach ar sheó tallainne.**

Chonaic siad fógra go raibh seó tallainne le reachtáil go háitiúil i gceann trí nó ceithre mhí. Chuir siad spéis ann mar ba cheoltóirí iad. Dúirt Diarmaid gur cheart dóibh cur isteach air. Bhí ceol acu agus níor dhochar dóibh triail a bhaint as. D'aontaigh Aodh leis. Ba dheas an rud duais míle euro a bhuachan!

**Pictiúr 2: Thosaigh siad ag cleachtadh.**

Thosaigh siad ag cleachtadh i Mí Feabhra. Chinn siad ar "An Criú Craiceáilte" a thabhairt orthu féin mar bhuíon ceoil. Chaith siad trí mhí ag cleachtadh.Veidhleadóir ab ea Aodh. Nuair a chuireadh seisean an bogha leis na sreanga ar an bheidhlín chuireadh sé drithlíní scleondair i gcroí gach aon duine le binneas a cheoil. Ba é Brian an drumadóir. Bhí an-rithim ann agus é in ann an luas a choinneáil go cruinn. Níor bhuail sé ró-thapa ná ró-mhall. Bhí guth binn ag Ciarán agus ghlac seisean air féin na hamhráin a chasadh. Giotáraí den scoth ab ea Diarmaid agus bhí sé in ann comhcheol a choinneáil leo.

**Pictiúr 3. Bhí an cleachtadh deiridh acu ina réamhléiriú sa halla féin.**

Nuair a tháinig lá an chomórtais iarradh ar na hiomaitheoirí go léir teacht isteach go luath chun cleachtadh ardáin a dhéanamh. Theastaigh ón innealtóir fuaime an córas aimplitheoireachta a sheiceáil agus a choigeartú. D'iarr na buachaillí ar athair Aodha teacht in éindí leo agus éisteacht leo ag an gcleachtadh deiridh seo. Ceoltóir gairmiúil ab ea é sin. Dúirt seisean go rabhadar thar cionn agus gur tháinig feabhas mór orthu i rith míonna an Earraigh. Mar sin féin mhol sé dóibh triail a bhaint as cúpla ciúta eile chun snas breise a chur ar a gcuid seanma. Ghlac siad go fonnmhar lena chomhairle. Ar deireadh thiar thall tháinig oíche an taispeántais. I Halla an Phobail a bhí an Seó Tallainne le reachtáil. Leathuair an chloig roimh am tosaithe chruinnigh slua mór daoine os comhair an halla. Theastaigh uathu go léir suíocháin mhaithe a fháil. Bhí an oíche dorcha faoin am a osclaíodh na doirse. Bhí scuaine daoine ag feitheamh le dul isteach agus neart carranna páirceáilte sa charrchlós taobh amuigh.

# An Téacs

**Pictiúr 4. Chuir láithreoir gach iomaitheoir in aithne don lucht éisteachta.**

Pearsa cáiliúil teilifíse ab ea an Láithreoir (nó "Fear an Tí" mar a thugtaí air fadó) agus bhí sé an-síodúil dea-labhartha. Bhí sé gléasta go deas i gculaith fhoirmiúil, léine agus carbhat. Bhí a chuid gruaige agus a fhéasóg cóirithe go néata. Bhí cuma an-slachtmhar air.

Chuir sé gach mír i láthair an lucht éisteachta, ceann i ndiaidh a chéile. Mhol sé gach duine díobh agus d'iarr sé bualadh bos dóibh. Ba iad "An Criú Craiceáilte" an mhír dheiridh ar an gclár. Chuaigh "An Criú Craiceáilte" amach ar an árdán agus thosaigh siad ag seinm. Cé go raibh slua mór os a gcomhair d'éirigh go maith leo. Thosaigh an slua ag bualadh bos agus ag tabhairt an-tacaíocht dóibh nuair a sheinn siad go tapa. Thug siad an-éisteacht dóibh nuair a chan Ciarán amhrán mall brónach.

**Pictiúr 5. D'fhógair an Láithreoir an buaiteoir agus bhronn sé an duais.**

Tar éis do gach iomaitheoir dul ar an ardán chuaigh an Láithreoir suas arís. Thug sé óráid ghearr. Ghabh sé buíochas le gach aon duine a bhí páirteach sa chomórtas. Mhol sé na hiomaitheoirí go léir. D'éirigh leo go léir caighdeán ard a bhaint amach. Dúirt sé go raibh jab an-deacair le déanamh ag na moltóirí buaiteoir a roghnú. Ina dhiaidh sin féin bhí áthas air a fhógairt gurbh iad "An Criú Craiceáilte" a bhuaigh an duais. Ghlaoigh sé orthu teacht amach ar an ardán. Ní gá a rá ach go raibh dea-aoibh ar na buachaillí nuair a bronnadh an duais míle euro orthu.

**Pictiúr 6: Thug baill "An Criú Craiceáilte" cuairt ar shiopa ceoil.**

Bhí go maith is ní raibh go holc, chinn baill an ghrúpa "An Criú Craiceáilte" leanúint ar aghaidh ag seinm le chéile. An chéad uair eile a thug siad cuairt ar "An Fonn Mall" an siopa ceoil a bhí ar an mbaile, labhair fear an tsiopa leo agus dúirt sé go bhfaca sé gur bhuaigh siad a lán airgid. Theastaigh uaidh rúdaí a dhíol leo. Bhí sladmhargaí ar fáil an lá sin, dar leis. Dhíolfadh sé a lán earraí ceoil leo ar leath-phraghas. Níor cheannaigh siad a dhath. Thug Brian an seic leis go dtí an banc. D'oscail sé cuntas bainc in ainm "An Criú Craiceáilte" agus lóisteáil sé an seic.